CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1461 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Lúnasa 2022

maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar pháirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 88/97

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 6011)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle an 10 Eanáir 1997 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a forchuireadh le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí páirteanna áirithe rothair ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chumhach, agus lena dtoibhítear an dleacht leathnaithe ar allmhairí den sórt sin a chláraítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 703/96 ([2]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/45 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 a mhéid a bhaineann le leathnú na dleachta frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle chun allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chumhdach ([3]),

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 1997 maidir le húdarú na díolúine d'allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ón dleacht frithdhumpála a leathnaítear le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle, dleacht a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle ([4]), agus go háirithe Airteagail 4 go 7 de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feidhm ag dleacht frithdhumpála maidir le hallmhairí páirteanna riachtanacha rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") ("an dleacht leathnaithe") mar gur leathnaíodh an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí rothar de thionscnamh na Síne le Rialachán (CE) Uimh. 71/97.

(2) Faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 71/97, maidir leis an díolúine allmhairí páirteanna riachtanacha rothair nach dtéann timpeall ar an dleacht frithdhumpála, tugtar de chumhacht don Choimisiún na bearta is gá a ghlacadh chun an díolúine sin a údarú.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 16, 18.1.1997, lch. 55.
([3]) IO L 16, 21.1.2020, lch. 7.
([4]) IO L 17, 21.1.1997, lch. 17.

(3) Leagtar na bearta cur chun feidhme sin amach i Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ("an Rialachán díolúine") lena mbunaítear an córas díolúine sonrach.

(4) Ar an mbonn sin, thug an Coimisiún díolúine do roinnt cóimeálaithe rothar ón díolúine leathnaithe ("na páirtithe díolmhaithe").

(5) Mar a fhoráiltear in Airteagal 16(2) den Rialachán díolúine, d'fhoilsigh an Coimisiún liostaí na bpáirtithe ar tugadh díolúine dóibh ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]).

(6) Glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme is déanaí (AE) 2022/505 ón gCoimisiún ([6]) a bhaineann le díolúintí faoin Rialachán díolúine an 23 Márta 2022.

(7) Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán díolúine.

1. IARRATAÍ AR DHÍOLÚINTÍ

(8) Idir an 15 Iúil 2020 agus an 30 Márta 2022, fuair an Coimisiún iarrataí ar dhíolúintí ó na páirtithe a liostaítear i dTáblaí 1 agus 2 lena raibh an fhaisnéis is gá ag gabháil chun cinneadh a dhéanamh an féidir na hiarrataí sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán díolúine.

(9) Tugadh deis do na páirtithe a d'iarr díolúintí a mbarúlacha a chur in iúl faoi chonclúidí an Choimisiúin maidir le hinghlacthacht a n-iarrataí. Tugadh aghaidh ar a gcuid barúlacha in aithrisí (22) go (27).

(10) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán díolúine, go dtí go ndearnadh cinneadh maidir le tuillteanais iarrataí ó na páirtithe a iarrann díolúine, cuireadh íocaíocht na dleachta leathnaithe i leith aon allmhaire páirteanna riachtanacha rothair a dhearbhaigh na páirtithe sin a liostaítear i dTáblaí 1 agus 2 thíos gur ceadaíodh na páirteanna sin a chur i saorchúrsaíocht ar fionraí amhail ón lá a fuair an Coimisiún a n-iarrataí cuí-réasúnaithe de bhun Airteagal 4(1) agus (2) den Rialachán díolúine.

2. ÚDARÚ DÍOLÚINE

(11) Tá an scrúdú ar thuillteanais na hiarrata ó na páirtithe a liostaítear i dTábla 1 tugtha i gcrích.

Tábla 1

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh
C492	MOTOKIT Veiculos e Acessórios Lda	Rua Alto do Vale do Grou 36, 3750-870 Borralha/ Águeda, an Phortaingéil
C559	Northtec Sp. z o.o.	ul. Dworcowa 15a, 43-502 Czechowice-Dziedzice, an Pholainn
C560	Giant Gyártó Hungary Kft.	Jedlik Ányos utca 1, 3200 Gyöngyös, an Ungáir

([5]) IO C 45, 13.2.1997, lch. 3, IO C 112, 10.4.1997, lch. 9, IO C 220, 19.7.1997, lch. 6, IO L 193, 22.7.1997, lch. 32, IO L 334, 5.12.1997, lch. 37, IO C 378, 13.12.1997, lch. 2, IO C 217, 11.7.1998, lch. 9, IO C 37, 11.2.1999, lch. 3, IO C 186, 2.7.1999, lch. 6, IO C 216, 28.7.2000, lch. 8, IO C 170, 14.6.2001, lch. 5, IO C 103, 30.4.2002, lch. 2, IO C 35, 14.2.2003, lch. 3, IO C 43, 22.2.2003, lch. 5, IO C 54, 2.3.2004, lch. 2, IO L 343, 19.11.2004, lch. 23, IO C 299, 4.12.2004, lch. 4, IO L 17, 21.1.2006, lch. 16, IO L 313, 14.11.2006, lch. 5, IO L 81, 20.3.2008, lch. 73, IO C 310, 5.12.2008, lch. 19, IO L 19, 23.1.2009, lch. 62, IO L 314, 1.12.2009, lch. 106, IO L 136, 24.5.2011, lch. 99, IO L 343, 23.12.2011, lch. 86, IO L 119, 23.4.2014, lch. 67, IO L 132, 29.5.2015, lch. 32, IO L 331, 17.12.2015, lch. 30, IO L 47, 24.2.2017, lch. 13, IO L 79, 22.3.2018, lch. 31, IO L 171, 26.6.2019, lch. 117, IO L 138, 30.4.2020, lch. 8, IO L 158, 20.5.2020, lch. 7, IO L 325, 7.10.2020, lch. 74, IO L 140, 23.4.2021, lch. 1, IO L 83, 10.3.2022, lch. 39, IO L 102, 30.3.2022, p. 16.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/505 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar pháirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialachán (CE) Uimh. 88/97 (IO L 102, 30.3.2022, lch. 16).

(12) Le linn an scrúdaithe a rinne an Coimisiún, maidir le luach na bpáirteanna de thionscnamh na Síne, shuigh sé gur lú ná 60 % de luach iomlán páirteanna na rothar uile a chóimeálann na páirtithe a liostaítear i dTábla 1 é an luach sin.

(13) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dtagann oibríochtaí cóimeála na bpáirtithe a liostaítear i dTábla 1 faoi raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036.

(14) Ar an gcúis sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Rialachán díolúine, chomhlíon na páirtithe a liostaítear i dTábla 1 na coinníollacha maidir le díolúine ón dleacht leathnaithe.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán díolúine, ba cheart éifeacht a bheith ag an díolúine amhail ón dáta a gheofar an iarraidh chuí-réasúnaithe de bhun Airteagal 4(1) agus (2) den Rialachán díolúine. Ba cheart a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil na fiacha custaim i ndáil leis an dleacht leathnaithe ó na páirtithe a iarrann díolúine ar neamhní ón dáta céanna.

(16) Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi chonclúidí an Choimisiúin maidir le tuillteanais a n-iarrataí féin agus tugadh deis dóibh a mbarúlacha a thabhairt ina leith.

(17) Ós rud é nach bhfuil feidhm ag an díolúine ach maidir leis na páirtithe dá dtagraítear go sonrach i dTábla 1, ba cheart do na páirtithe díolmhaithe fógra a thabhairt don Choimisiún ([7]) gan mhoill maidir le haon athrú ar an díolúine sin (mar shampla, tar éis athrú ar an ainm, ar an bhfoirm dhlíthiúil nó ar an seoladh nó tar éis eintitis chóimeála nua a chur ar bun).

(18) Má thagann athrú ar thagairt, ba cheart don pháirtí díolmhaithe faisnéis ábhartha a chur ar fáil, lena n-áirítear aon mhodhnú ar a ghníomhaíocht a bhaineann le hoibríochtaí cóimeála. I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh an Coimisiún na tagairtí cothrom le dáta dá réir sin.

3. ÍOCAÍOCHTAÍ NA nDLEACHTANNA A CHUR AR FIONRAÍ DO PHÁIRTITHE FAOI SCRÚDÚ

(19) Tá an scrúdú ar thuillteanais na n-iarrataí ó na páirtithe atá liostaithe i dTábla 2 fós ar siúl. Ar feitheamh cinneadh maidir le tuillteanais a n-iarrataí, tá íocaíocht na dleachta leathnaithe ó na páirtithe sin curtha ar fionraí.

(20) Ós rud é nach bhfuil feidhm ag an bhfionraí ach maidir leis na páirtithe dá dtagraítear go sonrach i dTábla 2, ba cheart do na páirtithe sin fógra a thabhairt don Choimisiún ([8]) gan mhoill maidir le haon athrú orthu sin (mar shampla, tar éis athrú ar an ainm, ar an bhfoirm dhlíthiúil nó ar an seoladh nó tar éis eintitis chóimeála nua a chur ar bun).

(21) Má thagann athrú ar thagairt, ba cheart don pháirtí lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil, lena n-áirítear aon athrú ar a ghníomhaíochtaí a bhaineann le hoibríochtaí cóimeála. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún na tagairtí don pháirtí sin a thabhairt cothrom le dáta.

Tábla 2

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh
C557	Berria Bike S.L.	Calle Blasco de Garay 19, 02600 Villarrobledo, an Spáinn
C720	Propain Bicycles GmbH	Schachenstraße 39, 88267 Vogt, an Ghearmáin
C860	Profil Bicycles CZ s.r.o.	Hněvotín 31, 783 47 Hněvotín, Poblacht na Seice
C863	Decathlon Sp. z o.o.	ul. Geodezyjna 76, 03-290 Warszawa, an Pholainn

(22) Decathlon Sp. z o.o. Thug an Pholainn ("Decathlon") a liostaítear i dTábla 2 freagra trína iarraidh ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar an dáta a bheidh ag gabháil le híocaíochtaí na ndleachtanna le haghaidh páirtithe faoi scrúdú a chur ar fionraí.

([7]) Moltar do na páirtithe úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist seo a leanas: TRADE-BICYCLE-PARTS@ec.europa.eu.
([8]) Moltar do na páirtithe úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist seo a leanas: TRADE-BICYCLE-PARTS@ec.europa.eu.

(23) Mhaígh Decathlon gur taisceadh an iarraidh ar dhíolúine an 1 Nollaig 2021 mar aon leis na doiciméid agus an fhaisnéis is gá chun go bhféadfadh an Coimisiún a hinghlacthacht a chinneadh agus, dá bhrí sin, ba cheart éifeacht a bheith ag fionraí íocaíochtaí na ndleachtanna ón dáta sin.

(24) I ndáil leis sin, luaitear in Airteagal 4(3) den Rialachán díolúine go ndéantar inghlacthacht iarrataí ar dhíolúine a chinneadh nuair a thugtar bunús cuí léi de bhun Airteagal 4(1) agus (2) den Rialachán céanna.

(25) Ní raibh bunús cuí leis an iarraidh ar dhíolúine a chuir Decathlon isteach an 1 Nollaig 2021 chun a hinghlacthacht a chinneadh. Chuir an Coimisiún Decathlon ar an eolas dá réir sin agus d'iarr sé faisnéis bhreise chomh maith le doiciméadacht a bhí in easnamh de bhun Airteagal 4(2) den Rialachán díolúine.

(26) Sholáthair Decathlon an doiciméadacht agus an fhaisnéis a bhí in easnamh an 31 Eanáir 2022 agus an 21 Márta 2022. Dá bhrí sin, measadh go raibh an iarraidh ar dhíolúine a thaisc Decathlon cuí-réasúnaithe, ach é sin amhail ón 21 Márta 2022 amháin, agus dá réir sin is é sin an dáta a cuireadh íocaíocht na ndleachtanna leathnaithe ar fionraí.

(27) Maidir leis an méid sin thuas, dearbhaítear dáta an 21 Márta 2022, mar a nochtadh roimhe seo, agus díbheadh an iarraidh ó Decathlon.

4. TAGAIRTÍ DO PHÁIRTITHE DÍOLMHAITHE A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

(28) Idir an 16 Samhain 2021 agus an 24 Bealtaine 2022, thug na páirtithe díolmhaithe a liostaítear i dTábla 3 fógra don Choimisiún faoi athruithe ar a seoltaí. Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, tháinig sé ar an gconclúid nach ndéanann na hathruithe sin difear do na hoibríochtaí cóimeála maidir leis na coinníollacha díolúine nó fionraí a leagtar amach sa Rialachán díolúine.

(29) Cé nach ndéantar difear do dhíolúine na bpáirtithe sin i dtaca leis an dleacht leathnaithe a údaraítear i gcomhréir le hAirteagail 5(1) nó 7(1) den Rialachán díolúine, ba cheart na tagairtí do na páirtithe sin a thabhairt cothrom le dáta.

Tábla 3

Cód breise TARIC	Iarthagairt	Athrú
A984	Blue Factory Team S.L. Calle Juan de la Cierva 62, Elche-Alicante, an Spáinn	Athraíodh seoladh an pháirtí dhíolmhaithe chuig: Calle Nicolás Copérnico 4, Elche Parque Empresarial, 03203 Elche-Alicante, an Spáinn
A605	Bohemia Bike a.s. Na Pankráci 1724/129 Nusle, 140 00 Praha 4, Poblacht na Seice	Athraíodh seoladh an pháirtí dhíolmhaithe chuig: Pujmanové 1753/10a Nusle, 140 00 Praha 4, Poblacht na Seice
B940	Solo International Oy Pyynitie 1B, 02230 Espoo, an Fhionlainn	Athraíodh seoladh an pháirtí dhíolmhaithe chuig: Komeetankatu 1, 02210 Espoo, an Fhionlainn
A730	Alubike – Bicicletas S.A. Zona Industrial de Oiã Lote C10, Oiã, 3770 068 Oliveira do Bairro, an Phortaingéil	Athraíodh seoladh an pháirtí dhíolmhaithe chuig: Zona Industrial de Aveiro Sul, lote 11, Mamodeiro, Aveiro Concelho, Freguesia, 3810 783 Aveiro, an Phortaingéil

5. DEIREADH A CHUR LE FIONRAÍ ÍOCAÍOCHTAÍ NA nDLEACHTANNA LE hAGHAIDH PÁIRTITHE FAOI SCRÚDÚ (TARRAINGT SIAR IARRATAÍ AR DHÍOLÚINE)

(30) Ba cheart deireadh a chur le fionraí íocaíocht na ndleachtanna le haghaidh na bpáirtithe faoi scrúdú i gcás na bpáirtithe a liostaítear i dTábla 4.

Tábla 4

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh
C557	Berria Bike S.L.	Calle Blasco de Garay 19, 02600 Villarrobledo, an Spáinn
C609	Nextbike GmbH	Erich-Zeigner-Allee 69-73 04229 Leipzig, an Ghearmáin

(31) An 27 Iúil 2020 agus an 25 Samhain 2020, fuair an Coimisiún iarraidh ar dhíolúine ó na páirtithe a liostaítear i dTábla 4 maille leis an bhfaisnéis is gá chun a chinneadh an raibh na hiarrataí féin inghlactha i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Rialachán díolúine.

(32) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 88/97, go dtí go ndearnadh cinneadh maidir le tuillteanais na n-iarrataí, cuireadh íocaíocht na dleachta leathnaithe i leith aon allmhaire páirteanna rothair riachtanacha a dhearbhaigh na páirtithe a liostaítear i dTábla 4 gur ceadaíodh na páirteanna sin a chur i saorchúrsaíocht ar fionraí amhail ón lá a fuair an Coimisiún a n-iarrataí ar dhíolúine.

(33) Sannadh cóid bhreise TARIC C557 agus C609 do Berria Bike S.L. an Spáinn ("Berria Bike") agus Nextbike GmbH, an Ghearmáin ("Nextbike") faoi seach, chun allmhairí páirteanna rothair riachtanacha a dearbhaíodh gur ceadaíodh iad a chur i saorchúrsaíocht a shainaithint agus faoi réir fionraí íocaíocht na dleachta leathnaithe.

(34) An 25 Márta 2022, fuair an Coimisiún iarraidh ó Berria Bike chun an t-iarratas ar dhíolúine a tharraingt siar fad a bhí an scrúdú ar a thuillteanais á dhéanamh agus cuireadh íocaíocht na dleachta leathnaithe ar fionraí.

(35) Ghlac an Coimisiún leis an tarraingt siar agus dá bhrí sin ba cheart deireadh a chur le fionraí íocaíocht na dleachta leathnaithe. Ba cheart an dleacht leathnaithe a bhailiú ón dáta a fuarthas an iarraidh ar dhíolúine a chuir Berria Bike isteach, eadhon an dáta a tháinig an fhionraí i bhfeidhm, is é sin an 27 Iúil 2020.

(36) An 30 Márta 2022, fuair an Coimisiún iarraidh nua ar dhíolúine ó Berria Bike maille leis an bhfaisnéis is gá chun a chinneadh an raibh an iarraidh sin inghlactha i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Rialachán díolúine.

(37) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán díolúine, go dtí go ndearnadh cinneadh maidir le tuillteanais na hiarrata nua, cuireadh íocaíocht na dleachta leathnaithe i leith aon allmhaire páirteanna rothair riachtanacha a dhearbhaigh Berria Bike gur ceadaíodh iad a chur i saorchúrsaíocht ar fionraí amhail ón lá a fuair an Coimisiún a iarraidh nua chuí-réasúnaithe ar dhíolúine de bhun Airteagal 4(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 88/97, is é sin an 30 Márta 2022.

(38) Dá réir sin, go dtí go ndearnadh cinneadh maidir le tuillteanais na hiarrata ar dhíolúine is déanaí, ba cheart an dáta nua a tháinig fionraí na dleachta leathnaithe i bhfeidhm a athrú go dtí an 30 Márta 2022.

(39) An 5 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún iarraidh ó Nextbike chun an iarraidh ar dhíolúine a tharraingt siar fad a bhí an scrúdú ar a thuillteanais fós á dhéanamh agus cuireadh íocaíocht na dleachta leathnaithe ar fionraí.

(40) Ghlac an Coimisiún leis an tarraingt siar agus dá bhrí sin ba cheart deireadh a chur le fionraí íocaíocht na dleachta leathnaithe. Ba cheart an dleacht leathnaithe a bhailiú ón dáta a fuarthas an iarraidh ar dhíolúine a chuir Nextbike isteach, eadhon an dáta a tháinig an fhionraí i bhfeidhm, is é sin an 25 Samhain 2020.

(41) Na páirtithe a liostaítear i dTábla 4, cuireadh ar an eolas iad faoi chonclúidí an Choimisiúin agus tugadh deis dóibh barúil a thabhairt air. Ní bhfuarthas aon bharúil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo tugtar díolúine don pháirtí a liostaítear sa Tábla san Airteagal seo ó leathnú na dleachta frithdhumpála cinntithí ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, a leathnaítear le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 agus a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle ([9]) ar allmhairí páirteanna áirithe rothair ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

I gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 88/97 beidh feidhm ag an díolúine ón dáta a gheofar iarraidh an pháirtí. Déantar foráil maidir leis an dáta sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal "Dáta do ghabháil éifeachta".

Ní bheidh feidhm ag an díolúine ach amháin maidir leis na páirtithe dá dtagraítear go sonrach sa Tábla san Airteagal seo.

Tabharfaidh na páirtithe díolmhaithe fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le haon athrú ar a n-ainm agus ar a seoladh, agus soláthróidh siad an fhaisnéis ábhartha uile, go háirithe maidir le haon mhodhnú ar ghníomhaíochtaí an pháirtí a bhaineann le hoibríochtaí cóimeála i ndáil leis na coinníollacha díolúine.

Páirtí díolmhaithe

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh	Dáta do ghabháil éifeachta
C492	MOTOKIT Veiculos e Acessórios Lda	Rua Alto do Vale do Grou 36, 3750-870 Borralha/Águeda, An Phortaingéil	25.9.2020
C559	Northtec Sp. z o.o.	ul. Dworcowa 15a, 43-502 Czechowice-Dziedzice, an Pholainn	27.7.2020
C560	Giant Gyártó Hungary Kft.	Jedlik Ányos utca 1, 3200 Gyöngyös, an Ungáir	15.7.2020

Airteagal 2

Tá na páirtithe a liostaítear sa Tábla san Airteagal seo faoi scrúdú i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97.

Maidir le híocaíocht na dleachta frithdhumpála a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97, beidh feidhm aige sin ó na dátaí a gheofar iarrataí ar fhionraí ó na páirtithe féin. Déantar foráil maidir leis na dátaí sin sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal "Dáta do ghabháil éifeachta".

Ní bheidh feidhm ag an bhfionraí íocaíochtaí ach maidir leis na páirtithe dá dtagraítear go sonrach sa Tábla san Airteagal seo.

Maidir le haon athrú ar oibríochtaí cóimeála a bhaineann le coinníollacha na fionraí, tabharfaidh na páirtithe faoi scrúdú fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le haon athrú den sórt sin agus cuirfidh sé ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha uile mar fhianaise. Áirítear leis na hathruithe sin, ach gan bheith teoranta dóibh, aon athrú ar ainmneacha, ar ghníomhaíochtaí, ar fhoirmeacha dlíthiúla agus ar sheoltaí na bpáirtithe.

([9]) IO L 228, 9.9.1993, lch. 1.

Páirtithe faoi scrúdú

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh	Dáta do ghabháil éifeachta
C557	Berria Bike S.L.	Calle Blasco de Garay 19, 02600 Villarrobledo — an Spáinn	30.3.2022
C720	Propain Bicycles GmbH	Schachenstraße 39, 88267 Vogt, an Ghearmáin	1.7.2021
C860	Profil Bicycles CZ s.r.o.	Hněvotín 31, 783 47 Hněvotín, Poblacht na Seice	20.2.2022
C863	Decathlon Sp. z o.o.	ul. Geodezyjna 76, 03-290 Warszawa, an Pholainn	21.3.2022

Airteagal 3

Déantar foráil maidir le tagairtí nuashonraithe do na páirtithe díolmhaithe nó do na páirtithe ar fionraí a liostaítear sa Tábla san Airteagal seo sa cholún ar a bhfuil an ceannteideal "Tagairt nua". Beidh feidhm ag na nuashonruithe sin ó na dátaí dá bhforáiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal "Dáta do ghabháil éifeachta".

Na cóid bhreise TARIC chomhfhreagracha a sannadh do na páirtithe díolmhaithe nó do na páirtithe ar fionraí sin mar a fhoráiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal "Cód breise TARIC", ní dhéanfar athrú orthu sin.

Páirtithe díolmhaithe/ar fionraí ar ina leith a thabharfar an tagairt cothrom le dáta

Cód breise TARIC	Iarthagairt	Tagairt nua	Dáta do ghabháil éifeachta
A984	Blue Factory Team S.L. Calle Juan de la Cierva 62, Elche-Alicante, an Spáinn	Blue Factory Team S.L. Calle Nicolás Copérnico 4, Elche Parque Empresarial, 03203 Elche-Alicante, an Spáinn	10.8.2021
A605	Bohemia Bike a.s. Na Pankráci 1724/129 Nusle, 140 00 Praha 4, Poblacht na Seice	Bohemia Bike a.s. Pujmanové 1753/10a Nusle, 140 00 Praha 4, Poblacht na Seice	11.4.2022
B940	Solo International Oy Pyynitie 1B, 02230 Espoo, an Fhionlainn	Solo International Oy Komeetankatu 1, 02210 Espoo, an Fhionlainn	28.4.2022
A730	Alubike — Bicicletas S.A. Zona Industrial de Oiã Lote C10, Oiã, 3770 068 Oliveira do Bairro, an Phortaingéil	Alubike – Bicicletas S.A. Zona Industrial de Aveiro Sul, lote 11, Mamodeiro, Aveiro Concelho, Freguesia, 3810 783 Aveiro, an Phortaingéil	11.6.2022

Airteagal 4

Leis seo cuirtear deireadh le fionraí íocaíocht na dleachta frithdhumpála leathnaithe de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97 le linn na tréimhse an 27 Iúil 2020 go dtí an 29 Márta 2022 le haghaidh an pháirtí a liostaítear sa Tábla san Airteagal seo faoi chód breise TARIC C557.

Baileofar an dleacht leathnaithe ón 27 Iúil 2020 go dtí an 29 Márta 2022.

Leis seo cuirtear deireadh le fionraí íocaíocht na dleachta frithdhumpála leathnaithe de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97 le haghaidh an pháirtí a liostaítear sa Tábla san Airteagal seo faoi chód breise TARIC C609 agus baileofar an dleacht leathnaithe.

Páirtithe ar ina leith atá deireadh curtha leis an bhfionraí

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh
C557	Berria Bike S.L.	Calle Blasco de Garay 19, 02600 Villarrobledo, an Spáinn
C609	Nextbike GmbH	Erich-Zeigner-Allee 69-73 04229 Leipzig, an Ghearmáin

Airteagal 5

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo agus chuig na páirtithe a liostaítear in Airteagail 1 go 4 agus foilsítear é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Valdis DOMBROVSKIS
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin